Tuairisciú corparáideach

# Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite 2024 ar Ghníomhaíochtaí

## Achoimre

Meitheamh 2025

# Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite 2024 ar ghníomhaíochtaí Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann

## Meitheamh 2025

## Achoimre

Tugadh an lámhscríbhinn chun críche i mí an Mheithimh 2025

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ná aon duine atá ag gníomhú thar a ceann freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá san fhoilseachán seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025

Leagan PDF ISBN 978-92-9410-857-9 ISSN 2812-457X doi: 10.2847/1774082 BZ-01-25-042-GA-N

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), 2025

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a lua. Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart EUAA a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóir an chóipchirt.

# I. An bhliain go hachomair

In 2024, ([1]) fuair tíortha AE+ **breis agus 1 mhilliún iarratas ar chosaint idirnáisiúnta** ([2]), arb ionann é agus laghdú 11 % i gcomparáid le 2023. Mar sin féin, ba é sin an dara líon ab airde ó 2016 i leith, nuair a taisceadh beagnach 1.2 milliún iarratas ar thearmann in AE+ ([3]).

Ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí beagnach **981 000 cás ag feitheamh le cinneadh** ag an gcéad chéim, arb ionann é agus méadú 11 % i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh ([4]).

Tháinig laghdú aon cheathrú ar líon na **gcinntí lenar deonaíodh cosaint shealadach** do dhaoine a bhí ar a dteitheadh ó chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, i gcomparáid le 2023. Mar sin féin, bhí an sin líon fós suntasach, le 746 000 cinneadh eisithe ag tíortha AE+ in 2024.

I gcomhthéacs an bhrú leanúnaigh ar chórais náisiúnta tearmainn, **d'imscar EUAA an líon ab airde pearsanra riamh** ar fud 13 Bhallstát, a chomhfhreagraíonn do 1 077 gcoibhéis lánaimseartha.

D'oibrigh an Ghníomhaireacht i bpríomhréimsí tearmainn amhail glacadh, athlonnú, cosaint shealadach, cúnamh do mhionaoisigh neamhthionlactha, fothú acmhainneachta agus cáilíocht nós imeachta. Cuireadh dlús leis an tacaíocht don nós imeachta tearmainn: i gcomparáid le 2023, tháinig méadú 21 % agus 45 % ar líon na gclárúchán agus na n-agallamh, faoi seach.

([1]) Sa chás seo, Ballstáit an Aontais móide an Iorua agus an Eilvéis.
([2]) Slánaítear na huimhreacha go léir atá níos mó ná 100. Slánaítear uimhreacha idir 101 agus 1 000 go dtí an 10 is gaire. Slánaítear uimhreacha idir 1 001 agus 10 000 go dtí an 100 is gaire. Slánaítear uimhreacha níos mó ná 10 001 go dtí an 1 000 is gaire. Slánaítear leathuimhreacha suas.
([3]) Tá na figiúirí a bhaineann le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta bunaithe ar shonraí arna mbailiú ag EUAA faoin gcóras luathrabhaidh agus freagartha. Féach anailís bhliantúil EUAA ar threochtaí tearmainn.
([4]) Ní raibh sonraí maidir le cásanna ar feitheamh ar fáil don tSeicia (Márta go Meán Fómhair 2023 agus Nollaig 2024) ná don tSlóvaic (ó Nollaig 2024 ar aghaidh).

**Fíor 1.** Oibríochtaí EUAA in 2024

**Pearsanra EUAA imscartha**



**1 077**
gcoibhéis
lánaimseartha
in **13** oibríocht

**Clárúcháin tearmainn le tacaíocht ó EUAA**



**85 000**
*clárúchán*
**35 %**
*d'iarratas taiscthe*

**Agallaimh tearmainn déanta ag EUAA**



**16 000**
*agallamh*
*i* **5**
*thír ina bhfuil oibríochtaí ar siúl*

Tar éis iarraidh a fháil ó údaráis na Gearmáine, i mí an Mheithimh 2024 chuir EUAA tús le **plean oibríochtúil nua leis an nGearmáin**, arb é is aidhm dó acmhainneacht náisiúnta a mhéadú chun cásanna Bhaile Átha Cliath a phróiseáil. **Choinnigh nó threisigh** an Ghníomhaireacht **a láithreacht i bhformhór na dtíortha** ([5]), cé is moite de **Mhálta**, áit ar cuireadh deireadh de réir a chéile le hoibríochtaí faoi dheireadh mhí an Mheithimh, i gcomhréir leis an líon íseal iarratas ar thearmann a fuarthas (438 faoi dheireadh na bliana). Tháinig deireadh leis an tacaíocht oibríochtúil don Ostair agus don tSlóivéin i mí an Mheithimh, agus don Liotuáin i mí na Nollag.

([5]) an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Ghréig, an Iodáil, an Rómáin, an Spáinn agus an Ísiltír.

**Fíor 2.** Pearsanra EUAA imscartha in 2023 agus in 2024




In 2024, chuir Saoráid um Thacaíocht Athlonnaithe EUAA atá lonnaithe in Iostanbúl na Tuirce, seirbhísí tacaíochta ar fáil do 34 mhisean athlonnaithe de chuid na mBallstát. San iomlán, chabhraigh an tsaoráid le 4 100 duine i gcomhthéacs athlonnaithe agus ligean isteach ar fhoras daonnúil, agus d'fhreastail thart ar 3 900 duine go fisiciúil ar ghníomhaíocht ar an áitreabh. Ba é sin an líon ab airde ó bunaíodh an tSaoráid um Thacaíocht Athlonnaithe sa bhliain 2019.

I mí na Nollag 2024, thug údaráis Mhálta **aitheantas oifigiúil** do EUAA **mar sholáthraí breisoideachais agus ardoideachais.** Cloch mhíle ollmhór is ea é an creidiúnú chun tacú leis na Ballstáit cur chuige gairmiúil, éifeachtach agus aontaithe a bhaint amach maidir le bainistiú tearmainn agus glactha ar fud na hEorpa. Mar sholáthraí cáilíochtaí foirmiúil, beidh an Ghníomhaireacht in ann creidiúintí a bhronnadh, atá bailí faoin gCóras Eorpach Aistrithe Creidiúna.

Ó 2012 i leith, tá **breis agus 100 000 rannpháirtíocht** taifeadta mar chuid de ghníomhaíochtaí oiliúna EUAA. I dtuarascáil EUAA ar oiliúint bhliantúil, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta, léirítear mionsonraí agus anailísí maidir le húsáid agus tionchar ghníomhaíochtaí oiliúna na Gníomhaireachta in 2024.

**Fíor 3.** Oiliúint EUAA in 2024




I Márta 2024, bhunaigh EUAA, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, **modheolaíocht choiteann** chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CET). Glacadh **clár faireacháin ilbhliantúil** freisin, lena mbunaítear an t-ord ina nglacfaidh na Ballstáit páirt sa chéad timthriall faireacháin 5 bliana, sa tréimhse ó 2025 go 2030.

D'éirigh leis an nGníomhaireacht freagairt do riachtanais mhéadaithe na mBallstát maidir le **faisnéis agus treoir faoin tír thionscnaimh**, **feasacht staide** agus **treoir agus uirlisí praiticiúla** i réimsí amhail an nós imeachta tearmainn, glacadh, leochaileacht agus comhar breithiúnach, a raibh tionchar ag athruithe reachtacha suntasacha orthu go léir.

Le teacht i bhfeidhm deich ngníomh reachtacha atá mar chuid den **Chomhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann** (an Comhshocrú) an 11 Meitheamh 2024, tugadh isteach athchóirithe substaintiúla ar CET agus rinneadh foráil maidir le ról feabhsaithe EUAA i roinnt réimsí. I bhfianaise an méid sin, sheol an Ghníomhaireacht clár tiomnaithe chun an t-athbhreithniú ar a caighdeáin oibríochtúla, a táscairí, a treoirlínte agus a gníomhaíochtaí oiliúna a chomhordú, lena áirithiú go gcomhlíonann siad an reachtaíocht nua agus go bhforbraítear táirgí nua mar chuid díobh, i gcás inar gá.

Faoi dheireadh na bliana tuairiscithe, bhí **11 tháirge a bhain leis an gComhshocrú** tugtha chun críche ag EUAA:

- teimpléad agus lámhleabhar ar phleanáil theagmhasach;
- ceithre mhodúl oiliúna shaincheaptha maidir leis an gComhshocrú;
- oiliúint maidir le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chláir athlonnaithe agus ar chláir um ligean isteach ar fhoras daonnúil;
- treoir phraiticiúil maidir le hiarratasóirí ag a bhfuil gnéaschlaontaí, féiniúlachtaí inscne, léirithe inscne agus tréithe gnéis éagsúla;
- treoir phraiticiúil maidir le meabhairshláinte iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (cuid I, cuid II agus cuid III);
- treoirlínte maidir le roghanna malartacha ar choinneáil;
- socrú oibre idir EUAA agus an Coimisiún maidir leis an tionscadal feasachta staide, luathrabhaidh agus réamhaisnéise.

Thairis sin, thacaigh an Ghníomhaireacht leis an gCoimisiún chun an plean cur chun feidhme coiteann don Chomhshocrú a fhorbairt agus bhí dlúthbhaint aici leis an gcomhordú i dteannta na mBallstát i dtaobh a bpleananna náisiúnta cur chun feidhme a ullmhú.

# II. Faisnéis bhuiséid agus airgeadais

B'ionann an fóirdheontas ón Aontas i mbuiséad EUAA 2024, de réir leasú 1 ar dhoiciméad clársceidealaithe aonair 2024-2026, agus **EUR 164 677 829** i **leithreasuithe faoi chomhair gealltanas** agus **EUR 171 677 829** i **leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**.

In 2024, bhí ioncam na Gníomhaireachta comhdhéanta den mhéid seo a leanas:

- fóirdheontas ó bhuiséad an Aontais agus a ús fabhraithe;
- ranníocaíochtaí ó thíortha comhlachaithe Schengen, eadhon an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis, agus a n-ús fabhraithe;
- an tríú tráthchuid den chomhaontú ranníocaíochta leis an gCoimisiún faoin ionstraim um chúnamh réamhaontachais, céim III;
- an chéad tráthchuid de ranníocaíochtaí arna soláthar ag an Danmhairg faoin tionscadal cosanta réigiúnaí do Chomharsanacht an Deiscirt;
- ioncam úis fabhraithe ó ranníocaíochtaí ón tSeicia agus ón Danmhairg.

**Tábla 1.** Ioncam in aghaidh na foinse ciste, gan méideanna a tugadh anonn ó bhlianta roimhe sin a áireamh (figiúirí slánaithe go slánuimhreacha).

| Teideal buiséid | Foinse maoiniúcháin | Ioncam sa bhuiséad (€) | Ioncam tar éis comharthaí pm a shainiú (6) (€) | Ioncam a fuarthas (€) | Iarmhéid fágtha (€) |
|---|---|---|---|---|---|
| 2 | Fóirdheontas ó bhuiséad an Aontais | 171 677 829 | 171 677 829 | 171 677 829 | 0 |
| 3 | Ranníocaíochtaí ó thíortha comhlachaithe Schengen | 9 766 010 | 9 766 010 | 9 766 010 | 0 |
| 4 | Ranníocaíochtaí eile (lena n-áirítear ús fabhraithe) | | 2 365 072 | 2 365 072 | 0 |
| 5 | Ioncam eile/aisghabháil speansas, úis | | 1 697 197 | 1 671 908 | 25 289 |
| **Ioncam iomlán (€)** | | **181 443 839** | **185 506 108** | **185 480 819** | **25 289** |

(6) Ciallaíonn pm *pro memoria* agus léirítear leis go bhféadfar méid a shannadh don bhuiséad, fiú mura bhfuil sé soiléir cén méid a bheadh ann, nó dá mbeadh sé ann ar chor ar bith.

# III. Acmhainní daonna, rialú inmheánach agus meastóireachtaí

## Acmhainní daonna

In 2024 sannadh **592 phost foirne** don Ghníomhaireacht, ar líonadh 508 ([7]) díobh.

**Fíor 4.** Poist foirne sannta agus líonta in aghaidh na catagóire in 2024




## Rialú inmheánach

Tar éis athmheasúnú ag an lucht ardbhainistíochta sa chéad ráithe de 2025, thángthas ar an gconclúid go raibh 6 phrionsabal rialaithe inmheánaigh go hiomlán éifeachtach agus go raibh 11 cheann acu éifeachtach.

Bunaithe ar an anailís ar thorthaí ar leibhéal phrionsabal an rialaithe inmheánaigh, thángthas ar an gconclúid go bhfuil comhpháirteanna rialaithe inmheánaigh uile EUAA éifeachtach. Tá siad ag feidhmiú mar a bhí beartaithe, cé go mbíonn feabhsuithe ag teastáil d'fhonn aghaidh a thabhairt ar easnaimh mheasartha nó ar mhioneasnaimh.

Tá faisnéis maidir le heasnaimh sa rialú inmheánach agus na gníomhaíochtaí ceartaitheacha comhfhreagracha ar fáil ar shuíomh gréasáin EUAA.

## Meastóireachtaí

Déanann an Ghníomhaireacht meastóireachtaí meántéarmacha agus *ex post* inmheánacha nó seachtracha ar chláir agus ar ghníomhaíochtaí lena ngabhann caiteachas suntasach. In 2024, thug EUAA 13 mheastóireacht i gcrích.

([7]) Áirítear san fhigiúr sin poist a tairgeadh do na hiarrthóirí roghnaithe agus nár síníodh conradh fostaíochta ina leith go fóill, amhail ón 31 Nollaig 2024.

Rinne sé ceiliúradh freisin ar dheich mbliana de ghníomhaíochtaí meastóireachta, ar lena linn a rinneadh nó a coimisiúnaíodh os cionn 70 meastóireacht.

Tá tuarascáil mhionsonraithe ar stádas chur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta ar fáil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

euaa
EUROPEAN UNION
AGENCY FOR ASYLUM